Tá Bua (Cúrsaí samhraidh Gaeilge i mBÁC thuaidh) ag earcú múinteoirí bríomhara, paiseanta agus núálacha chun cur lena phainéal múinteoirí don Samhradh 2018.
Tá trí fholúntas ar fáil:

1. **Múinteoirí cúrsa** a oibreoidh go lánaimseartha ar an gcúrsa ag múineadh ceardlanna Gaeilge, ag eagrú spóirt agus imeachtaí trí Ghaeilge agus ag cabhrú le clár an chúrsa a chur le chéile.
2. **Múinteoirí sealadacha** a bhéas freagrach as ceardlanna ar ghnéithe den siollabas Ardteiste a theagasc.
3. **Cúntóirí** - Ábhar oidí, mic léinn nó daoine nach bhfuil cáilíocht múinteoireachta acu ach a bhfuil sárchumas Gaeilge acu agus taithí ag eagrú réimse leathan imeachtaí.

Maidir linn:

- Díríonn cúrsaí BUA ar thrí ghrúpa:

  Bunchúrsa: Dírithe ar pháistí atá críochnaithe i rang a sé agus rang a cúig le béim ar spórt agus imeachtaí trí Ghaeilge.

  Sóisear: Dírithe ar dhaltaí atá críochnaithe sa chéad agus sa dara bliain. Béim ar úsáid na Gaeilge trí eachtraíocht, imeachtaí agus spórt.

  Ardteist: Dianchúrsa Gaeilge a chlúdaíonn ábhar onóracha na hardteiste, beím ar fhoghlaim idirghníomhach.

- Eagrófar trí chúrsa sóisearacha, dhá bhunchúrsa agus cúrsa Ardteiste amháin ar na dátaí seo:

11-22 Meitheamh 2018	Sóisear	Port Mearnóg
2-13 Iúil 2018	Sóisear Bunchúrsa Ardteist	Cill Fhionntáin
16-27 Iúil 2018	Sóisear Bunchúrsa	Cill Fhionntáin

- Cúrsaí coicíse a bheas i gceist Luan go hAoine 10:00 - 16:00 agus 9:00 - 15:00 i gcás an bhunchúrsa.
- Díríonn na cúrsaí seo ar úsáid na Gaeilge trí imeachtaí, cluichí agus eachtraí. Eagrófar ceardlanna gearra ina bhfoghlaimeoidh na daltaí stór focal, nathanna agus briathra a chabhróidh leo tabhairt faoi na himeachtaí.

Múinteoirí cúrsa

Táimid ag lorg múinteoirí paiseanta agus fuinniúil a bhfuil taithí acu réimse leathan imeachtaí a eagrú. Ina measc; spórt, ceol, damhsa, aclaíocht, drámaíocht, cluichí foirne.Tá sé inmhianach go mbeadh taithí ag na múinteoirí seo ar chúrsa Árdleibhéal na hArdteiste a mhúineadh. Beidh na múinteoirí seo freagrach as ceardlanna teanga a mhúineadh ina phléitear an teanga a bhéas ag teastáil sa gníomhaíocht agus beidh siad freagrach as gníomhaíochtaí a eagrú. Má tá na scileanna seo agat nó má tá scil ar leith agat a cheapann tú a bheadh fiúntach a roinnt ar an gcúrsa ba bhreá linn cloisteáil uait.

Múinteoirí sealadacha

Táimid ag lorg múinteoirí a bhfuil le sáinscil agus sáinspéis acu i gnéithe éagsúla den siollabas Ardteiste. Iarrfar ar na múinteoirí seo ceardlann 90 nóiméad a dhéanamh ar ábhar ar leith atá ar an gcúrsa Ardleibhéal. Ba cheart go mbeadh gníomhaíocht idirghníomhach ina chuid lárnach den cheacht. I measc na dtopaicí a bhéas le clúdach ar an gcúrsa tá:

Conas aiste nó scéal a scríobh
Topaicí coitianta aistí
Filíocht
Prós
Litríocht roghnach
Sraith pictiúr
Scileanna don chluastuiscint
An léamhthuiscint

Má tá ceacht éifeachtach agus tarraingteach agat maidir le ceann de na topaicí seo ba bhreá linn cloisteáil uait.

Chun iarratas a dhéanamh ar phost do chúrsa 2018 lion an fhoirm seo:
https://goo.gl/forms/RnaHQaXCuSYHtnci2